Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na n-Úll,
Sord,
Co. Átha Cliath
K67 T3H2

Scoil Idirchreidmheach

Fón: 8902799
www.gsbb.ie
oifig@gsbb.ie
U.R. 20095C

13/03/23

A thuismitheoirí a chairde,

Ceolchoirmeacha 2023!

Bhí sé luaite i Nuachtlitir eile go mbeadh na ceolchoirmeacha ar siúl ar an Déardaoin, 30/3/23. Tá níos mó eolas le roinnt libh anois:

- Beidh ceolchoirm shóisireach agus ceolchoirm shinsireach ann
- Beidh Ranganna Naíonáin go Rang 2 ag tosnú ar a gceolchoirm ag 12.45 ar an lá agus beidh sé críochnaithe le linn am scoile
- Beidh Ranganna 3-6 ag tosnú a gceolchoirm ag 6.30 an oíche chéanna

Tógadh an cinneadh seo chun a chinntiú go mbeidh neart spás sa halla agus freisin ionas nach mbeadh an seó ró-fhada. Beidh níos mó eolas níos cóngaraí don lá faoi theacht agus imeacht ón scoil, ticéid srl. Níl anseo ach eolas a roinnt ar dhaoine chun deis phleanála a thabhairt daoibh.

As mentioned previously, school concerts will take place on Thursday, 30/3/23. Here is some more information about the concerts:

- *There will be two concerts this year, junior and senior*
- *Infants to Rang 2 will begin their concert at 12.45 and will be finished during school time*
- *Ranganna 3-6 will have their concert the same evening at 6.30*

This decision was made to ensure there is plenty of space in the hall and to make sure the concert is not too long. We will have more information nearer the time about coming and going from the school, tickets etc. This is just a sharing of information to enable people to plan appropriately.

Drámaíocht le Rang 3!

Chuir an dá Rang 3 (Rang Ailín agus Rang Aodán) seó den chéad scoth ar siúl in amharclann Clasach ar an gCéadaoin seo caite. Bhí spioraid comhoibritheach, geal-gáireach le feiceáil ar an stáitse agus thóg siad dhá gradam ar ais chun na scoile as a gcuid éachtaí. Luaigh níos mó ná duine amháin an deá-iompar agus an meas a léirigh na páistí ar dhaoine eile ar an lá freisin. Táimid an-bhródúil astu. Maith iad Aodán agus Ailín as na páistí a ullmhú chomh maith freisin!

Our two Rang 3 classes (Ailín and Aodán) put on an amazing show in the Clasach theatre last Wednesday. Their cooperative and positive energy was evident on the stage and they left with two awards for their accomplishments. More than one person contacted the school to comment on the children's good behavior and respect towards others. We are very proud of them. Well done to Aodán and Ailín for preparing the children so well.

Seachtain na Gaeilge + Gléasadh don Déardaoin!

Tá imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge ar lean. Bhí Bingó agus Tráth na gCeist againn an tseachtain seo caite agus bhí an-chraic againn. Tá níos mó imeachtaí ar siúl an tseachtain seo. Beidh na páistí ag gléasadh in éadaí glasa ar an Déardaoin seo agus muid ag ceiliúradh Lá le Pádraig.

Seachtain na Gaeilge is ongoing in school. We have had great craic with bingo and a quiz already and there is more to come. The children will come to school dressed in green on Thursday for St. Patrick's Day celebrations.

Banna Ceoil sa gcaifé cuimhneacháin:

Beidh banna ceoil na scoile ag seinm ag caifé cuimhneacháin i gclub Fhine Ghallainn ar an Déardaoin i rith am scoile. Tá bus socraithe chun na páistí a thabhairt ann agus ar ais. Chun cabhrú leo ullmhú don lá beidh an bhanna ag seinm cúpla tiúin ag an tionól amárach (ná dearmad na huirlisí).

The school band will play for the 'Memory Café' in Fingallians on Thursday during school time. A bus has been arranged to take them to and from the club. To help the band prepare for Thursday they will play a few tunes at assembly tomorrow (don't forget the instruments!)

Seamróga ag dul abhaile

Táimid buíoch do thuismitheoir álainn ón scoil a d'eagraigh potaí beaga seamróga do pháistí na scoile. Tháinig 200 pota san iomlán… shocraíomar iad a dháileadh ar na ranganna naíonáin go Rang 1 agus crannchur a dhéanamh leis an bhfuíollach in Ranganna 2-6. Cuirigí uisce orthu más gá agus caithigí iad ar an Aoine.

We are grateful to one of our lovely parents who arranged for 200 pots of shamrocks to arrive in GSBB. Each child from Naíonáin to R1 will bring home a pot, the remaining will be distributed on Ranganna 2-6 and will be raffled amongst the children. Please water if necessary so they're fresh for Friday!

Scoil dúnta ar an Aoine:

Beidh an scoil dúnta ar an Aoine seo, 17/3/23 agus ar ais ar oscailt ar an Luan, 20/3/23.

School is closed this Friday, 17/3/23 and is reopened on Monday, 20/3/23.

Sin é go fóill!

Pádraig